

An tEarrach Thiar | Sample answer

Rinne mé staidear ar an dán 'An tEarrach Thiar' le Máirtín Ó Direáin.

Suíomh an dáin:

Tá an dán seo suite ar oileán Inis Mór, ceann d'Oileáin Árann. Is suíomh mealltach agus suaimhneach é, agus tá spiorad an phobail ana láidir ar an oileán. Tá sé cosúil le neamh, dar leis an bhfile. Is áit draíochtúil í, gan bhrú nó strus an tsaoil ann. Léiríonn an file "támh-radharc", den duirling agus de na locháin. Tá sé suite in aice na farraige in áit iargúlta.

Íomhánna sa dán:

Tá sraith de cheithre íomhá éagsúla sa dán seo. Taispeánann gach íomhá an easpa brú a bhí ar na daoine fadó agus grá an fhile dá áit dhúchais.

Sa chéad véarsa, tá íomhá ann d'fheirmeoir amuigh ina gharraí, ag cur prátaí b'fhéidir, "I mbrothall lae". Sa dara véarsa, léiríonn an file obair thraidisiúnta, shéasúrach an oileáin, "ag caitheadh cliabh" in aice "an fheamainn dhearg" ar "dhuirling bháin". Is iomhánna áille iad. Tá séimhe na háite curtha in iúl dúinn tríd cuimhní mhaoithneacha an fhile.

Léiríonn an file an muintearas agus an spiorad pobail a bhain le saol an oileáin sa triú véarsa. Feicimid "támh-radharc síothach" agus tá atmaisféar suaimhneach le brath sa radharc seo. Sa véarsa deireanach, cruthaíonn an file íomhá álainn de na hiascairí ag iascaireacht sa churrach. Tá an fharraige mhall. Tá an bád "ag teacht chun cladaigh".

An file:

Rugadh Máirtín Ó'Direáin ar an Sruthán ar Inis Mór ar oileán Árann sa bhliain 1910. D'fhág sé an t-oileán nuair a bhí sé ocht mbliana déag d'aois. Chaith sé formhór a shaoil ag obair i mBaile Átha Cliath agus d'oibrigh sé mar státseirbhíseach sa Roinn Oideachais ann ó 1937 ar aghaidh. I measc na leabhar dá chuid a foilsíodh tá Coinnle Geala, Ó Mórna agus Dánta Eile, Feamainn Bhealtaine agus Ár Ré Dhearóil. Níor fhill sé chun cónaithe ar an oileán riamh arís cé gur thug sé cuairteanna ann go minic. Bíonn a lán cuimhní mhaoithneacha aige ar a óige. Bhí grá mór aige don oileáin agus meas aige ar na daoine ina gcónaí ann. Fuair sé bás sa bhliain 1988.

Ba é an duine ba shine sa theaghlach. Ní raibh léamh nó scríobh ag a thuismitheoirí. Léigh sé na litreacha an t-am ar fad agus bhí sé an-chliste. Bhí suim mór aige sna seanfhilí. Bhí saol sona aige, ach fuair a athair bás nuair a bhí sé seacht mbliana d'aois.

Mar a chuaigh an dán i gcion ortsa:

Chuaigh an dán seo i bhfeidhm orm go huile agus go hiomlán. Tá na híomhánna agus fuaimeanna fite fuaite le chéile tríd an dáin. Cuireann sé ag smaoineamh mé faoin saol ar Inis Mór agus cuireann sé i gcuimhne dom seal a chaith mé faoin tuath. Is féidir liom a shamhlú go bhfuil mé ann "Ar dhuirling bhán" le "Támh-radharc síothach". Tugann sé leargas éifeachtach dúinn ar na bealaí mhaireachtála ann.

Is aoibhinn liom an úsáid a bhainann an file as íomhánna, go háirithe an cur síos a dhéanann sé ar na hiascairí

"Ag maidí rámha

Currach lán éisc

Ag teacht chun cladaigh

Ar ór-mhuir mhall”

Motháim sona sásta agus maoithneach nuair a léim an dán seo. Baineann Ó Díreáin úsáid éifeachtach as fuaim shíochánta na dtionta ag briseadh ar an gcladach agus mar thoradh, mothaím síochánta mé féin. Thaitin an dán seo go mór liom agus chuaigh sé i gcion orm go mór.